



FOIRM C – BUNMHÚINTEOIRÍ AMHÁIN FÓGRA FAOI CHÓMHLÁNÚ CHOINNÍOLL AN PHROMHAIDH

Tá an fhoirm seo le húsáid ag bunmhúinteoirí chun a gcuid seirbhíse a chur ar taifead agus chun fianaise a chur ar fáil go bhfuil an dá riachtanas promhaidh i.e. An tSeirbhís agus Inniúlacht Ghairmiúil, comhlíonta acu. Ní chóir í a chur faoi bhráid go dtí go bhfuil an dá riachtanas sin comhlíonta.

Is iad riachtanais phróiseas an phromhaidh ná:

- Riachtanas Seirbhíse**- Ní mór do mhúinteoir atá ar promhadh 100 lá, ar a laghad, de sheirbhís teagaisc a chur isteach (agus dhá thréimhse de 50 lá scoile as a chéile nó thréimhse amháin de 100 lá as a chéile san áireamh). Ní mór don seirbhís seo tarlú tar éis cáilíocht mhúinteoireachta a bhaint amach. Faoi rialacha an Roinn Oideachais agus Scileanna, is féidir seirbhís i bpost buan, sealadach nó mar ionadaí i mbunscoil a áireamh le haghaidh cuspóir an phromhaidh, faoi réir na gcoinníollacha san alt thíos. Glactar le seirbhís i rang príomhshrutha, nó i raon ranga speisialta nó scoile speisialta, nó i bpost mar mhúinteoir acmhainne lán-aimseartha (míchumais íosmhínicíochta) faoi Mhúnla Leithdháilte Ginearálta na Roinne. Ní mór don tseirbhís seo a bheith críochnaithe laistigh de thréimhse trí bliana, ar a mhéid, ó dháta an chéad chláráithe, nó, má bhaineann sé leis an gcás, laistigh de thrí bliana ón dáta ar ar sásáiodh na coinníollacha clárúcháin eile go léir. Áirítear seirbhís teagaisc faoi choinníollacha chiorclán 0046/2011 na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le 'JobBridge' – An Scéim Náisiúnta Intéirneachta le haghaidh cuspóir an Phromhaidh.
- Riachtanas na hInniúlachta Gairmiúla** - Cruthú ar ghné na h-inniúlachta a bheith críochnaithe go sásúil. Déanann Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna inniúlacht ghairmiúil mhúinteoirí a mheas ar son na Comhairle Mhúinteoireachta, maidir lena gcinntí i dtaobh clárúcháin múinteoirí bunscoile. Mura bhfuil sé déanta acu cheana, ba chóir do mhúinteoirí cuairteanna cigireachta a iarraidh ó Ionad Oideachais Luimnigh, ag baint úsáide as an fhoirm OP1 atá ar fáil ag www.lec.ie. Ní ghlacann An Chomhairle Mhúinteoireachta le h-iarraitais ar chuariteanna cigireachta.

Ní dhéanfaidh An Chomhairle próiseáil ar iarratas chun coinníoll clárúcháin an phromhaidh a bhaint mura bhfuil an dá riachtanas comhlíonta agus an ríomhphost cuí maidir le toradh na cigireachta, móide teastas (Cuid E) ag dearbhú go bhfuil an tseirbhís riachtanach déanta, seolta isteach. Seolfar ar ais chuig múinteoirí aon iarraitais nach bhfuil líonta isteach go h-iomlán. Beidh deireadh leis an tréimhse phromhaidh nuair a bheidh An Chomhairle Mhúinteoireachta sásta go bhfuil riachtanas na seirbhíse agus riachtanas na h-inniúlachta gairmiúla araon comhlíonta go h-iomlán.

Léiríonn Ciorclán 29/2012 ón Roinn Oideachais agus Scileanna, a foilsíodh i mí Lúnasa 2012, na socrúithe leasaithe maidir le promhadh i ndáil le clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta mar mhúinteoir bunscoile. Féach www.education.ie chun an Ciorclán a íoslódáil. Is féidir fiosrúcháin ar bith a bhaineann leis an bpróiseas Cigireachta a sheoladh chuig Ionad Oideachais Luimnigh, Uimh. Ghutháin: 061 585 060, R-phost: info@lec.ie, Gréasán: www.lec.ie

Teorainneacha ama le haghaidh críochnú an phromhaidh

Tá na teorainneacha ama atá leagtha síos ag an gComhairle Mhúinteoireachta ina bhféadfaidh múinteoir na riachtanais promhaidh (agus coinníollacha eile atá ceangailte lena chlárú/clárú) a chomhlíonadh, leagtha amach i gCiorclán 0029/2012 ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá an Ciorclán ar fáil lena íoslódáil ag www.education.ie.

Ba chóir d'iarthóirí a nótáil nach mór na coinníollacha eile go léir nach mbaineann le promhadh (lena n-áirítear Riachtanas Teanga na Gaeilge agus socrúcháin sa Ghaeltacht) a chomhlíonadh sula dtosaíonn tréimhse an phromhaidh.

Conas an fhoirm seo a líonadh isteach

- Ní mór don mhúinteoir atá faoi phromhadh é a shocrú go ndearbhaíonn bainistíocht na scoile/scoileanna ina bhfuil sé/sí fostaithe an fhoirm seo tar éis gach tréimhse seirbhíse inghlactha a bheith déanta aige/aici.
- Is féidir go mbeidh ar mhúinteoir dhá chóip nó níos mó de Chuid E den fhoim a líonadh isteach mar fhianaise ar an tseirbhís 100 lá atá riachtanach, más rud é go ndearnadh an tseirbhís seo i scoileanna éagsúla.
- Ní mór an tseirbhís chun críche an phromhaidh a bheith críochnaithe tar éis na coinníollacha cláráithe eile a bheith comhlíonta (mar shampla Riachtanas Teanga na Gaeilge) seachas an coinníoll Ionduchtúcháin.
- Ní mór don iarthóir gach cuid den fhoirm a líonadh isteach, go mbeidh sí sínithe ag príomhoide na scoile ina ndearnadh an tseirbhís, agus go mbeidh an dáta agus stampa na scoile uirthi.
- Ba cheart don mhúinteoir cóip den fhoirm iomlánaithe a choimeád mar thaifead.
- Tabharfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna fianaise ar an tseirbhís a rinneadh roimh 1 Meán Fómhair 2010 i bhfoirm asphrinte seirbhíse, i gcásanna nuair nach féidir le múinteoirí cruthúnas ar a gcuid seirbhíse a fháil ó bhainistíocht na scoile/scoileanna a d'fhostaigh iad.



FOIRM C - BUNMHÚINTEOIRÍ AMHÁIN FÓGRA FAOI CHÓMHLÁNÚ CHOINNÍOLL AN PHROMHAIDH

Comhlánaigh gach cuid den fhoirm seo I MBLOCLITREACHA. Chun fianaise a chur ar taifead maidir leis an seirbhís riachtanach 100 lá, beidh gá Cuid E a chomhlánú le haghaidh na scoile/scoileanna ina raibh tú fostaithe. Is féidir cóipeanna breise de Chuid E a chur faoi bhráid mar chruthú den tseirbhís 100 lá, más gá.

CUID A		SONRAÍ AN MHÚINTEORA	
Ainm an Mhúinteora: (mar atá cláraithe)			
Seoladh:			
Uimhir/Uimhreacha Gútháin:			
Seoladh Rphoist:			
Uimhir Chláraithe:		Uimhir PPS:	

CUID B		DEARBHÚ RIACHTANAS NA HINNIÚLACHTA GAIRMIÚILA	
Tá fótachóip den ráiteas ón Roinn Oideachais agus Scileanna faoi iamh ag dearbhú go bhfuil Riachtanais na hInniúlachta gairmiúla comhlíonta.	Tá <input type="checkbox"/>	Níl <input type="checkbox"/>	
Suíomh na hInniúlachta Gairmiúla:	Príomhshrutha <input type="checkbox"/>	Teoranta <input type="checkbox"/>	

CUID C		ACHOIMRE SEIRBHÍSE	
Líon scoileanna luaite i gCuid (Codanna) E a bhfuil seirbhís ríofa iontu agus foirmeacha comhlánaithe faoi iamh dóibh:			
Dátaí na dtréimhsí seirbhíse 2 x 50 lá nó 1 x 100 lá:			
Tréimhse 1	Ó:	Lá/Mí/BBBB	Uimhir Rolla na Scoile:
	Go dtí:	Lá/Mí/BBBB	
Tréimhse 2	Ó:	Lá/Mí/BBBB	Uimhir Rolla na Scoile:
	Go dtí:	Lá/Mí/BBBB	

CUID D		DEARBHÚ SÍNITHE	
Dearbhaím go bhfuil an t-eolas tugtha i ngach cuid den fhoirm seo fíor agus cruinn.			
Síniú		Dáta:	

DON OIFIG AMHÁIN			
Foirm comhlánaithe:	Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/>	Líon na laethanta seirbhíse incháilithe:	1 x 100 lá / 2 x 50 lá:
Ráiteas ón RO&E	Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/>	Nótaí:	
Tuairiscithe ar an gClár ag:		Dáta:	
Céimeanna breise de dhíth::		Dáta ar tugadh fógra:	

Seol an fhoirm seo ar ais chuig Clárúcháin (Bunmhúinteoireacht), An Chomhairle Mhúinteoireachta, Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara.



FOIRM C – BUNMHÚINTEOIRÍ AMHÁIN FÓGRA FAOI CHOMHLÁNÚ CHOINNÍOLL AN PHROMHAIDH

CUID E					TEASTASÚ MAIDIR LEIS AN SEIRBHÍS RIACHTANACH						
Le comhlánú ag an bpríomhoide agus ag an iarrthóir											
Ainm an Iarrthóra:						Uimhir Chláraithe:					
Ainm na Scoile:						Uimhir Rolla na Scoile:					
Seoladh na scoile:											
Fad na Seirbhíse Tabhair dáta cruinn, m.sh. 01/09/2010 go 30/06/2011		Ó:		Lá/Mí/BBBB		Líon laethanta scoile*:					
		Go dtí:		Lá/Mí/BBBB		* Nótáil nach ionann laethanta saoire agus briseadh seirbhíse.					
Suíomh an Ranga (Cuir tic le ceann amháin)		Rang Príomhshrutha		<input type="checkbox"/>		Rang speisialta			<input type="checkbox"/>		
		Suíomh Scoile Speisialta		<input type="checkbox"/>		Múinteoir acmhainne lánaimseartha (íosmhínicíocht)			<input type="checkbox"/>		
Léirigh anseo má tógadh saoire bhreiteachta le linn an tréimhse seo											
Le teastas* <input type="checkbox"/>											
Gan teastas <input type="checkbox"/>											
*Tabhair cruthúnas den teastas saoire bhreiteachta leis an iarratas seo.											
Dearbhaím go bhfuil na sonraí seo a leanas maidir leis an seirbhís thuas agus maidir leis an múinteoir luaite thuas agus i gCUID A, fíor agus cruinn											
Ainm an Phríomhoide (BLOC-LITREACHA):											
Síniú an Phríomhoide:									Dáta:		
Síniú an Mhúinteora:									Dáta:		
Stampa na Scoile			CUIRTEAR STAMPA OIFIGIÚIL NA SCOILE SA BHOSCA SEO								

Sula gcuirtear an leathanach seo faoi bhráid na Comhairle is gá:

- 100 lá de sheirbhís iomlán mhúinteoireachta a chomhlíonadh (dhá thréimhse de 50 lá nó tréimhse amháin de 100 lá san áireamh). Nótáil nach ionann laethanta saoire agus briseadh seirbhíse.
- Go mbeidh leathanach 2 den fhoirm seo (agus codanna A, B, C comhlánaithe) faoi iamh
- Go mbeidh fótachóip de ráiteas ó Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna faoi iamh a léiríonn go bhfuil eilimint na h-inniúlachta comhlíonta go sásúil.